An Dara Háit sa Chatagóir Shóisearach
Róisín Ní Dhómhnaill
Coláiste Ghobnait, Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. Na Gaillimhe

The GAA is at the heart of who we are

Níos Mó ná Spórt

Tá níos mó ná spórt le C.L.G. ,

Agus inseoidh mé duit cén fáth?

Thosaigh sé mar síol an-bheag,

Anois tá sé faoi bhláth.

Thosaigh chuile imreoir beo,

Go lag, ag cleachtadh leo.

Ach taithí a dhéanann máistreacht,

Agus níor thug siad suas go deo.

Tá an oiread laochraí spóirt ann,

Idir liathróid láimhe, peil agus iomáint.

Ach bhí siad sin ag cleachtadh ar feadh i bhfad,

Go dtí an lá atá inniú againn.

Ní na himreoirí amháin atá baint acu le C.L.G.

Tá daoine anseo in Éirinn,

Nár chaill cluiche a gclub ariamh.

Agus iad seasta ag an taobh líne,

Ag béicíl, agus ag tacú leo :

‘Seo libh Árainn!, tá siad agaibh anois!

Coinnigh ort is gheobhaidh tú – CÚL!!’

Amannta, ní oibríonn rudaí amach,

Agus níl aon locht ar sin.

Is botúin bheaga seafóideacha,

A chailleann cluiche orainn go minic.

Ach foghlaim uaidh, agus ceartaigh é.

Ná lig do tarlú arís!

Bíonn blas milis ar phraiseach na gcomharsana,

Ach meas a bheith agat orthu ina dhiaidh.

Is fada ar an mbóthar é C.L.G,

Nach gcasfas ar feadh i bhfad,

Ní neart go cur le chéile,

Ní bheidh deireadh leis go brách!

SEO LIBH ÁRANN!!!